

Tamall ag guí i láthair na hEocairiste

i gCill Éinde, An Spidéal

Gach Satharn 10am—11am

Páidrín gach Domhnach

@ 5.00i.n.

Fáilte roimh cách

Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:

Cill Éinde (Paróiste)
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

Oibreacha deisiúcháin riachtanacha
IBAN IE02AIBK937401046608 31

Tacaíocht Airgeadais an Pharóiste

Beidh na clúdaigh nua do 2027 á ordú anois. Arís, impím ar dhaoine na clúdaigh seo a úsáid mar go gcabhraíonn siad le ioncam an pharóiste a choinneáil leibhéal ó sheachtain go seachtain. Cabhraíonn siad go speisialta i gcás daoine a íocann cáin, mar go mbíonn an paróiste in ann an cáin a fháil ar ais. Má tá daoine nua atá sásta bosca a thógáil, bhéinn an-bhuíoch ach an fhoirm a líonadh.

(Tá na foirmeacha ar fáil ag na doirse) agus san Oifig nó ríomhphoist a sheoladh chuig cilleinde@outlook.ie.

Aifrinn na Marbh 2ú - 10ú Samhain

Cé go mbeimid ag guí ag na hAifrinntí seo ar son na ndaoine atá ainmnithe againn ar Liostaí na Marbh, beidh dara intinn gach lá chomh maith chun cabhrú lenár gcuid smaointe a dhíriú ar a saoil, ar a gcreideamh agus mar a bhásaigh siad.

Clúdaigh le liostaí ar fáil ag na doirse.

IS BEANNAITHE TEACH DÉ

Is beannaithe teach Dé,
Is beannaímid fhéin dhó,
Mar a bhfuil sé leis an dá aspal déag.
Go mbeannaí Mac Dé dhúinn.
Is beannaithe thú, a Athair bheannaithe.
Is beannaithe thú, a Mhic an Athar bheannaithe.
Is beannaithe thú a theampaill an Sprid Naoimh.
Is beannaithe thú, a eaglais na Tríonóide.

Molaimis go léir an tAon-Mhac Críost

Molaimis go léir an tAon-Mhac Críost,
A cheannaigh go daor ar a'gcrois chéasta sinn,
A thiocfas gan baol dár saoradh 'ris,
Glóir do Dhia sna harda!


Míle buíochas leat, a AonMhic Dé,
A céasadh, a Rí is naofa dlí,
'S a tháinig saor ón éag arís,
Glóir do Dhia sna harda!

Meitheal PV Gréine Sailearna

Beidh cruinniú Meitheal Painéal Gréine Sailearna ar siúl i Seanscoil Sailearna ar an gCéadaoin 18 Samhain, 2026 ag 7.00i.n.
Seo an ceathrú Meitheal atá á eagrú ag Comharchumann Shailearna.

Beidh cur i láthair á dhéanamh ar an oíche ag Avril Ní Shearcaigh, Meantóir SEC thar ceann an SEAI. Beidh eolas suas chun dáta á roinnt aici ar na deontaisí atá le fáil ón SEAI do thithe cónaithe agus ar na hathraithe a tháinig i bhfeidhm sa mbuiséad deireadh.
Beifear ag bunú Meitheal PV Gréine 2026 chun deis a thabhairt d'úinéirí tí gur spéis leo painéil gréine a shuiteáil ar a gcuid tithe.

Is féidir breis eolas a fháil ach glaoch ar 091 399199



Paróiste An Spidéil

33 Domhnach A

14ú & 15ú Samhain 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie
Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin,
Dé hAoine 10.00-2.00

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

Cill Éinde, Spidéal

Dé Domhnaigh	15ú	11.00r.n.	John Comerford **Aifreann cionn míosa**	*Cor na Rón Lár*
			Nóra & Seán Mac Fhlannadha	*Sidheán*
			Pádraig Ó Céidigh (Tomás)	*Seannaghurráin*
			Sally Timlin (nee Ó Droighneáin) **3ú Cuimhneacháin**	*B.A.C./Baile an tSléibhe*
Dé Céadaoin	18ú	10.00r.n	Sylvia Murphy **Céad Cuimhneachán**	*Florida/USA*
Déardaoin	19ú	10.00r.n	*Missa Pro Populo*	
Dé hAoine	20ú	10.00r.n		
Dé Domhnaigh	22ú	11:00r.n.	Máirín Breathnach **4ú Cuimhneachán**	*Coilleach*
			Pádraic Concannon	*Páirc*
			Muintir Molloy	*Baile Éamoinn*
			Micil & Kate Ó Culáin	*Sailthúna*
			Manus Breathnach	*Coilleach*
			Julie White	*Cnoc ar Easair/Sasana*
			Úna & Mattie Power	*Sasana*

Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

Dé Sathairn	14ú	6.30i.n.	Máire Steph Ní Chonghaile, Pat & Elizabeth Uí Chonghaile, Máire & Michael Kelly, Cóil & Stephen Kelly, Coilín Mullen & Mairín Uí Cheallaigh, Sarah Byrne, Teresa Molloy, Sorcha Rose Mc Loughlin Michaeleen Kelly agus paidir do Michelle O Donnell.	
Dé Sathairn	21ú	6:30i.n.	Mary, Peadar & mac Pete Mac Dhonnachadha	*Ros a'Mhíl*
			Rory Ó Conghaile (Tailiúra) 2ú Cuimhneachán	*Ros a'Mhíl*
			Tamín Ó Fátharta, a bhean Sara, iníon Nancy & Máire agus mac Pádraic	*Barr Roisín*
			Máire Ní Chonghaile, a fear céile Coilín, mac Seán & iníon Bríd.	*Ros a'Mhíl*
			Jimmy Mc Donagh	*Ros a'Mhíl*

Cill Mhuire, Na Minna

Dé Domhnaigh	15ú	9:30am		
Dé Domhnaigh	22ú	9:30am	Máirtín & Stiofán Mac Donnachadha	*Minna*

Loinneog don Iontróid – Iar. 29:11, 12, 14
Ní hé an donas atáim a bheartú daoibh, ach an sonas, a deir an Tiarna. Glaofaidh sibh orm agus tabharfaidh mé toradh oraibh, agus seolfaidh mé abhaile sibh as gach áit bhraighdeanais ina bhfuil sibh.

Gníomh Aithrí
Tusa a seoladh chun na daoine atá croíbhrúite a shlánú: *A Thiarna, déan trócaire.* **A Thiarna, déan trócaire.**

Tusa a tháinig chun glaoch ar na peacaigh: *A Chríost, déan trócaire.* **A Chríost, déan trócaire.**

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, chun idirghuí ar ár son: *A Thiarna, déan trócaire.* **A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

An Ghlóir
Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí
A Dhia, a Athair na ngrás, níl d'fhíoraoibhneas buan ann ach do riar a dhéanamh le fonn. Deonaigh go ndéanfaimid seirbhís dhílis duit le háthas croí. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht *Sean 31:10-13, 1-20, 30-31*
Sliocht as leabhar na Seanfhocal
Cé ar féidir leis a dhíol de bhean chéile a fháil?
Is luachmhaire í ná péarlaí. Is inti a chuireann a fear a mhuinín go léir, agus ní bheidh aon cheal brabaigh air.
Ní dochar ach sochar a dhéanfaidh sí dó
ar feadh a saoil.
Lorgaíonn sí olann agus líon
agus oibríonn sí go dícheallach lena lámha.
Coinníonn sí an coigeal ina láimh
agus beireann a méara ar an bhfearsad.
Caitheann sí go fial leis an duine dearóil
agus tugann sí déirc don duine bocht.
Is mealltach í an scéimh agus is neamhbhuan í an áilleacht; is don bhean a bhfuil eagla Dé uirthi a thabharfar moladh. Tugaigí di toradh a saothair
agus moladh a gníomhartha í ag geataí na cathrach.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 127
Freagra: Is aoibhinn don duine lerb eagal an Tiarna.
1. Is aoibhinn don duine lerb eagal an Tiarna
agus a shiúlann ina shlite.
Íosfaidh tú toradh do shaothair féin.
Beidh tú go sona séanmhar. *(Fr)*

2. Beidh do bhean amhail finiúin thorthach
i gceartlár do thí;
beidh do chlann mar bhuinneáin olóige
agus iad mórthimpeall do bhoird. *(Fr)*

3. Is amhlaidh a bheannófar an fear
ar a mbíonn eagla an Tiarna.
Go mbeannaí an Tiarna thú as Síón amach
gach lá de do shaol! *(Fr)*

An Dara Léacht
Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Teasalónaigh 5:1-6
A bhráithre, maidir leis 'an lá agus an uair', ní gá scríobh chugaibh ina dtaobh. Tá a fhios agaibh féin go beacht gur mar a bheadh bithiúnach san oíche a thiocfaidh Lá úd an Tiarna. Nuair a bhíonn daoine á rá: 'Táthar slán sábháilte', ansin gan choinne is ea a thagann an tubaiste mar a thagann an tinneas ar bhean atá trom, agus ní bheidh aon éalú acu uaithi. Ní sa dorchacht atá sibh, áfach, a bhráithre, go dtiocfadh an Lá úd gan fhios oraibh mar a bheadh bithiúnach. Is clann an tsolais sibhse go huile, clann an lae. Ní leis an oíche ná leis an dorchacht sinn. Ná bímis inár gcodladh, dá bhrí sin, ar nós daoine eile, ach bímis inár ndúiseacht agus ar ár gciall.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Bígí gach uile thráth do bhur bhfaire féin
agus ag guí chun go mbeadh ar chumas daoibh
seasamh díreach os comhair Mhac an Duine.
Alleluia!

Soiscéal *Matha 25:14-15, 19-20*
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha
D'inis Íosa an parabal seo dá dheisceabail: 'Duine a bhí ag dul ar an gcoigríoch, ghlaoigh sé ar a sheirbhísigh agus thaobhaigh leo a mhaoin: thug cúig thallann do dhuine acu, a dó do dhuine eile, aon tallann amháin do dhuine eile – do gach duine de réir an chumais a bhí ann – agus d'fhág an tír.

Seal fada ina dhiadh sin, tháinig máistir na seirbhíseach sin ag réiteach cuntas leo. Tháinig fear na gcúig thallann ina láthair agus thairg cúig thallann eile dó agus ar seisean: "A mháistir, d'fhág tú cúig thallann ar iontaoibh agamsa: seo duit cúig cinn eile a ghnóthaigh mé."
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

Cré na nAspal
Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
cruthaitheoir neimhe agus talún;
agus in Íosa Críost, a aon mhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh on Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh;
a d'fhulaing páis faoi Phontius Pióláit,
a céasadh ar chrois,
a fuair bás agus a adhlacadh;
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh;
a chuaigh suas ar neamh;
atá ina shuí ar dheis Dé, an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.
Creidim sa Spiorad Naomh, sa NaomhEaglais Chaitliceach, i gcomaoin na naomh;
i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne,
agus sa mbeatha shíoraí. Amen.

A Dhia is a athair
A Dhia is a athair is ag triall ort a thagaimid,
A dh'iarraidh do ghrásta trí chuimhne chnoc Calvaire,
Impímid le headarghuí na Maighdine beannaithe
Cion Chríostaí a dháil orainn d'íobairt
an Aif-(i)-rinn.

Ní fiú sinn a Athair, go nglacfá le taitneamh uainn
Ár n'ofráil bheag shuarach n'ár mbearta faon lagana,
Ach impímid ortsa, a Rí mhóir na bhflaitheas geal,
Go rachaidís dár dtairbhe trí mhórluach an Aifrinn.

Os Cionn na nOfrálacha
A Dhia mhór na glóire, na tabhartais a ofrálaimid duit, go méadaí siad ár ngrá duit agus go dtuille siad glóir na bhflaitheas dúinn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**
Rúndiamhair an chreidimh.
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.

An Comaoineach

Uain Dé, a thagann chugainn le háthas,
Tá fáilte romhat, a Uain Dé.

Iarchomaoineach
Gabhaimid buíochas leat, a Thiarna, ar son na rúndiamhaire seo a cheiliúramar i gcuimhne do Mhic ár dTiarna, mar a d'ordaigh sé. Go dtaga borradh nua ar ár ngrá dá barr. Sin é ár nguí chugat trí Críost ár dTiarna. **Amen.**

An Deasghnáth Deiridh
Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Scoil Éinne

Rollachán- Scoilbhliain 2027-2028-
Tá Scoil Éinne ag glacadh le hiarratais don scoilbhliain seo chugainn. Eolas ar fáil ón scoil nó ón suíomh idirlín Ag: https://scoileinne.ie/.

Suirbhé ar Bhunscoileanna

Torthaí i gcás theaghlaigh Scoil Éinne. ar fáil ag ***https://assets.gov.ie/static/documents/b7418318/Galway_ga.pdf***.

Más mian leat aiseolas a dhéanamh iarrtar ort teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig Rúnaí an Bhord Bainistíochta ag an seoladh seo pri-omhoide@scoileinne.net roimh Aoine, 20 Samhain 2026.